



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Aibreán 2024
(OR. en)

8947/1/24
REV 1

SOC 279
GENDER 64
ANTIDISCRIM 58
EMPL 164

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Mná sa saol poiblí - <i>Díospóireacht bheartais</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais ar an ábhar thuasluaite ag Comhairle EPSCO an 7 Bealtaine 2024.

Mná sa saol poiblí

Díospóireacht bheartais

Ionadaíocht na mban sa chinnteoireacht a fheabhsú

Is ceart daonna é an comhionannas inscne agus is bunphrionsabal de chuid an Aontais é atá cumhdaithe sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Is é an sprioc atá ann go mbeadh Aontas an Chomhionannais ann ina mbeidh mná agus fir, cailíní agus buachaillí, ina n-éagsúlacht uile, saor chun a gconair roghnaithe sa saol a shaothrú, go mbeidh na deiseanna céanna acu a bheith faoi rath, agus inar féidir leo páirt chomhionann a ghlacadh inár sochaí Eorpach agus a bheith ina gceannairí uirthi.

Mar thoradh ar thiomantas polaitiúil feabhsaithe sa réimse sin, tá dea-shampla á thabhairt ag an gCoimisiún Eorpach leis an gcéad Choláiste do Choimisinéirí atá comhionann ó thaobh inscne de agus an chéad Choimisinéir atá freagrach as Comhionannas. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag institiúidí uile an Aontais le linn an tsainordaithe reatha trí thionscnaimh reachtacha atá dírithe ar chomhionannas inscne a chothú sna gnéithe uile. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh próisis dhaonlathacha agus páirtithe polaitiúla obair leantach ar an dul chun cinn sin, go mbeidh siad cuimsitheach agus go léireoidh siad éagsúlacht shochaí na hEorpa laistigh dá struchtúir.

Mar sin féin, in ainneoin iarrachtaí fadtréimhseacha agus dul chun cinn doshéanta, tá mná fós faoi ghannionadaíocht ar fhoirmhór na leibhéal cinnteoireachta polaitiúla agus i réimsí eile den saol poiblí, go háirithe i bpoist aireachta agus feidhmiúcháin eile. Agus ag féachaint ar shonraí an Aontais Eorpaigh, arna soláthar ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), ar an meán is mná iad 39.5 % de fheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus 32.8 % de chomhaltaí de pharlaimintí náisiúnta i mBallstáit an Aontais, agus tá éagothromaíochtaí móra geografacha i gceist leis na sonraí sin. Ar an meán, ní mná iad ach 32.9 % d'airí sinsearach agus 35.7 % de chomhaltaí na dtionól réigiúnach. Níl páireacht iomlán nó cothromaíocht inscne san ionadaíocht pholaitiúil ann ach i roinnt bheag de Bhallstáit an Aontais.

Thairis sin, is lú i bhfad an spreagadh atá sna sonraí agus iad ag féachaint go sonrach ar chothromaíocht inscne laistigh de pharlaimintí agus de chomhairlí áitiúla agus réigiúnacha dtaobh uachtaráin, cathaoirligh ar chomhlachtaí parlaiminteacha nó príomhphoist nach raibh duine tofa ina leith. Tá leithscaradh inscne fós ann maidir le punanna na n-airí agus ballraíocht i gcomhlachtaí oibre parlaiminteacha, ina gcomhghaolaítear punanna agus ballraíochtaí ina bhfuil ceannas ag fir orthu go traidisiúnta (cosaint, airgeadas) agus iad sin ina bhfuil cion níos airde ban (beartas sóisialta, oideachas) iontu, go láidir le tionchar reachtach agus buiséadach, chun leasa beartas a bhfuil ceannas ag fir orthu.

Ó pheirspictíocht thrasnach de, tá na figiúirí maidir le rannpháirtíocht na mban de mhionlach eitneach, daoine LGBTQIA+ nó na mban faoi mhíchumas neamhiomlán, ach mar sin féin léirítear leo cion an-íseal, rud a léiríonn ionadaíocht theoranta grúpaí mionlaigh agus a ndearthaí.

Bacainní ar ionadaíocht chomhionann na mban i bpoist pholaitiúla agus feidhmiúcháin

Bíonn bacainní roimh mhná sa chinnteoireacht pholaitiúil atá fite fuaite i gcomhthéacsanna cultúrtha, eacnamaíocha agus polaitiúla agus i gcórais toghcháin éagsúla.

Ar an gcéad dul síos, **tá bacainní aitheanta seanbhunaithe ann a leanann de mhná a chosc nó a dhíspreagadh ó thabhairt faoi phoist chinnteoireachta pholaitiúla**, cuir i gcás:

- An tionchar diúltach atá fós á imirt ar mhná ag steiréitíopaí inscne agus claontachtaí inscne atá leabaithe sa chultúr ginearálta. Le tógáil buachaillí agus cailíní agus na steiréitíopaí diúltacha faoi mhná agus fir, lena n-áirítear sna meáin, cuirtear teorainn bhreise le spéis na mban agus a mianta gairme i dtaobh poist chumhachta le linn a ngairmeacha beatha.
- Cultúr polaitiúil ina bhfuil ceannas ag fir i bpáirtithe agus in institiúidí polaitiúla. Tá tionchar diúltach ag an gcaoi a n-eagraítear páirtithe polaitiúla, mar shlí chuig oifig pholaitiúil, mar shampla ó thaobh nósanna imeachta earcaíochta, iontrála agus roghnúcháin de, ar dheiseanna na mban tabhairt faoi phoist cheannaireachta.
- Saincheist an chúraim agus na cothromaíochta oibre is saoil. Tá ualach mór oibre agus éileamh ama le sárú ag go leor ceannairí ban, agus tá an fhreagracht as obair tí agus cúram leanáí agus daoine scothaosta fós á ndáileadh go míchothrom.

- Leithdháileadh neamhchothrom na bpríomhacmhainní mar shampla am, acmhainní airgeadais agus líonraí polaitiúla.
- D’fhéadfadh na córais pholaitiúla féin a bheith ina mbacainn institiúideach. Níl córais tromlaigh chomh héifeachtach céanna maidir le toghadh iarrthóirí baineanna a chur chun cinn le córais pholaitiúla atá bunaithe go hiomlán ar ionadaíocht chomhréireach, nó lena n-áirítear gné den ionadaíocht chomhréireach.
- Tá clúdach na meán ar pholaiteoirí agus ceannairí ban fós claonta ó thaobh inscne de, agus is lú i bhfad an aird a thugtar ar pholaiteoirí ban (17 % níos lú ná fir) agus is minic steiréitíopaí inscne léirithe sa chlúdach (Van der Pas & Aldering 2020).
- An easpa eiseamláirí baineanna atá mar thoradh ar na bacainní thuasluaite.

Ar an dara dul síos, **tháinig bacainní nua dúshlánacha chun cinn a chuireann cosc ar mhná fanacht i bpoist chinnteoireachta pholaitiúla nó a chuireann iallach orthu imeacht roimh am, go háirithe:**

- Bíonn éifeacht athchomhairleach ag foréigean agus ciapadh i gcoinne pholaiteoirí ban, agus i gcoinne mná eile i bpoist cheannaireachta freisin, ar gach bean atá ag smaoineamh ar thabhairt faoi ghairm sa saol poiblí. Éiríonn go leor polaitheoirí agus ceannairí mná as roimh dheireadh a dtéarma nó ní fhanann siad i gcumhacht ar feadh i bhfad.
- Is cúis imní atá ag dul i méid í leibhéal na mí-úsáide agus an fhoréigin atá dírithe go díréireach ar mhná sa pholaitíocht agus sa saol poiblí toisc gur mná iad. Cé go bhfulaingíonn fir mí-úsáid níos ginearálta agus níos polaitiúla go príomha, bíonn ar pholaiteoirí ban aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid atá spreagtha ag a bhféiniúlacht inscne, agus is ar pholaiteoirí ban de mhionlach eitneach a dhéantar an leibhéal is airde mí-úsáide.
- Cúis imní eile is ea teistiméireachtaí na bpolaiteoirí reatha agus na n-iarpholaiteoirí ban a labhair amach, i ndiaidh na gluaiseachta *#MeToo*, faoina dtaithí phearsanta ar ghnéaschiapadh. Tá easpa coimircí inmheánacha fós ann i gcoinne an ghnéasachais, an chiaptha agus an ghnéaschiaptha, agus tuairisciú agus cuntasacht éifeachtach laistigh de pháirtithe agus de pharlaimintí. Tuairiscíonn iarrthóirí agus parlaiminteoirí ban freisin go bhfuil easpa tacaíochta agus dlúthpháirtíochta idirpháirtí ann nuair a dhéantar mí-úsáid orthu. Léiríonn taighde go ndéantar ionsaí suas le trí huaire níos mó ar pholaiteoirí ar mná iad

ná ar pholaiteoirí ar fir iad, go háirithe ar líne (Daniele, Dipoppa, Pulejo, 2023). Tá foréigean in aghaidh na mban i bpoist chinnteoireachta forleathan agus tá sé tar éis bogadh go dtí an domhan fíorúil níos mó agus níos mó, lena n-áirítear foirmeacha nua ar nós íomhánna agus físeáin nochtá ríomhghinte gan toiliú (íomhánna dlúthphearsanta domhainbhrionnúcháin, cibearsplancáil) nó cibearstalcaireacht. Mar sin féin, cé go bhfuil an foréigean ar líne thar a bheith imeaglaithe agus trámach cheana féin, is féidir leis teacht roimh fhoréigean as líne freisin, rud a fhágann go mbíonn feimeamharú ann i gcásanna tromchúiseacha — mar shampla dúnmharú an Fheisire Parlaiminte, Jo Cox, sa Ríocht Aontaithe. Díreáir go díreáir freisin ar iarrthóirí LGBTQIA+ agus ar iarrthóirí mionlaigh.

Sásraí chun an comhionannas inscne a chur chun cinn i bpoist pholaitiúla

Is saincheist ilghnéitheach í gannionadaíocht na mban sa chinnteoireacht. Ní bhaineann na bearta is gá a dhéanamh leis an gcóras toghcháin nó leis na páirtithe polaitiúla amháin; tá raon feidhme níos leithne acu, lena n-áirítear freisin beartais maidir leis an gcothromaíocht oibre is saoil agus beartais chun an foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, chun tacú le dáileadh níos cothroime freagrachtaí cúraim agus baile agus chun steiréitíopaí inscne a shárú. Léirítear i staidéir freisin gur gá timpeallacht chuimsitheach a chruthú do chách, mná ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste san áireamh, chun líon na mban atá i gcumhacht a mhéadú agus a dhaingniú agus chun leas iomlán a bhaint as a mbuanna. Mar a mheabhraítear sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 ón gCoimisiún, is grúpa ilchineálach iad mná agus d'fhéadfadh idirdhealú trasnach bunaithe ar roinnt saintréithe a bheith os a gcomhair¹. Mar shampla, is minic a bhíonn dúshlán roimh mhná faoi mhíchumas maidir lena gcearta a fheidhmiú, lena n-áirítear bheith rannpháirteach i dtoghcháin agus i bpróisis pholaitiúla agus chinnteoireachta.

¹ De réir Airteagal 10 CFAE, ‘agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, is é is aidhm don Aontas gach idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach’.

Meabhraíodh sa Straitéis um Chomhionannas Inscne freisin a rithábhachtaí atá comhdheiseanna rannpháirtíochta don daonlathas ionadaíoch ar gach leibhéal. Gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé rannpháirtíocht na mban mar vótálaithe agus mar iarrthóirí chun cinn i dtoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta, leis na Ballstáit agus an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear trí chist agus trí dhea-chleachtais a chur chun cinn. Rinne an Coimisiún gealltanais shonracha freisin maidir le poist shinsearacha ina riarachán agus chun tacú leis na Ballstáit straitéisí níos éifeachtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun líon na mban i bpoist chinnteoireachta a mhéadú.

Maidir leis an tsaincheist níos leithne a bhaineann le timpeallachtaí oibre a dhéanamh níos cuimsithí, déantar foráil maidir le socrúithe solúbtha oibre do thuismitheoirí agus do chúramóirí d'Treoir 2019/1158 maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, in éineacht le Treoir 2006/54/CE maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha freisin, lena foráil do chosaint mhéadaithe ar idirdhealú bunaithe ar inscne.

I Moladh 2023 ón gCoimisiún maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha, tá moltaí maidir leis an gcomhionannas inscne agus sainaitheannann ann roinnt beart ábhartha atá dírithe ar na Ballstáit.

Is é is aidhm don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha a glacadh le déanaí agus don Treoir maidir le Foréigean in aghaidh na mBan atá ar na bacáin cosaint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí trí chearta bunúsacha a chosaint ar líne, trí chreat cumhachtach trédhearcachta agus cuntasachta a bhunú d'ardáin ar líne agus trí chreat aonfhoirmeach aonair a chur ar fáil ar fud an Aontais. Cuireann sé d'oibleagáid ar ardáin mhóra ar líne, *inter alia*, bearta maolaithe éifeachtacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sistéamacha, lena n-áirítear i ndáil le fuathchaint neamhdhleathach nó an cibearfhoréigean in aghaidh na mban. Is é is aidhm don treoir frith-Slapp, mar a thugtar uirthi, cosaint níos fearr a thabhairt do pholaitheoirí, d'iriseoirí, do ghníomhaithe agus do dhaoine eile ar an mbagairt ó ghníomhaíochtaí dlíthiúla mí-úsáideacha gan bhunús chun iad siúd atá ag obair ar mhaithe le leas an phobail a chur ina dtost.

Leis an gcomhaontú a rinneadh le déanaí i ndáil leis an treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, ceanglófar ar na Ballstáit uirlisí nua a chur i bhfeidhm chun an foréigean agus an fhuathchaint in aghaidh na mban as líne agus ar líne a chomhrac agus beidh ról tábhachtach ag na hardáin ar líne.

An bhliain seo chugainn, déanfar comóradh 30 bliain ar Dhearbhú agus ar an gClár Oibre Gníomhaíochta Bhéising 1995 do Mhná, don Fhorbairt agus don tSíocháin (BpfA). Meabhraíonn Clár Oibre Bhéising go bhfuil comhionannas sa chinnteoireacht rithábhachtach chun mná a chumhachtú. Ina theannta sin, bunaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (Coinbhinsiún CEDAW) an ceart chun páirt a ghlacadh sa saol poiblí agus polaitiúil, agus tá sé d'oibleagáid leis gach beart iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur le hidirdhealú in aghaidh na mban sa saol polaitiúil agus poiblí agus chun a áirithiú go mbeidh sé de cheart ag mná, ar théarmaí comhionanna le fir, vótáil agus seasamh i dtoghchán, páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí, oifig phoiblí agus feidhmeanna poiblí a shealbhú, agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta.

Leis an díospóireacht seo, beidh deis ann na sásraí agus na bearta a phlé a bhfuil gá leo chun comhionannas inscne a chur chun cinn sa chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin bearta institiúideacha agus struchtúracha ar an leibhéal náisiúnta, mar shampla athchóiriú ar chórais toghcháin, cuótaí páirtí ceangailteacha nó deonacha, cothromaíocht inscne i gcomhlachtaí rialaithe na gcomhlachtaí bainistíochta toghcháin, leithdháileadh cistiúcháin phoiblí do pháirtithe polaitiúla a nascadh le paireacht inscne, struchtúir oibre a athshainiú, agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn lena n-áirítear bailiú sonraí níos fearr, ach freisin oiliúint, meantóireacht, cistiú agus tacaíocht eile d'iarthóirí ar mná iad, go háirithe mná óga agus mná ó ghrúpaí mionlaigh faoi ghannionadaíocht. I bhfianaise an ghnéasachais, an chiall agus an fhoréigin a chuirtear ar pholaiteoirí baineanna go háirithe, ba cheart aird a thabhairt ar bhearta chun steiréitíopaí inscne, fuathchaint agus ciapadh as líne agus ar líne a chomhrac.

I gcomhthéacs na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa atá ar na bacáin, agus mar chuid dá hiarrachtaí feabhas a chur ar infheictheacht an bheartais comhionannais inscne sa Chomhairle, tá Uachtaránacht na Beilge ag cur an ábhair seo ar aghaidh lena phlé agus chun taithí agus dea-chleachtas a mhalartú, d'fhonn timpeallacht shábháilte chomhionann a áirithiú do mhná sa saol poiblí.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hAirí díospóireacht bheartais a thionól maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

- 1. Cad iad na straitéisí agus na sásraí ar an leibhéal náisiúnta a d'fhorbair do thír-se chun ionadaíocht na mban sa chinnteoireacht a fheabhsú agus chun comhionannas inscne a chothú i róil cheannaireachta?*
- 2. Cad iad na tionscnaimh is féidir a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun an cuspóir thuasluaite a bhaint amach?*